AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.1.2020
COM(2020) 1 final

2020/0001 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta faoin bPrótacal ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ábhartha[1], rinne an Coimisiún caibidlíocht le Rialtas Phoblacht na Séiséal (dá ngairtear "na Séiséil" anseo feasta) d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta nua maidir le hIascaigh Inbhuanaithe agus a Phrótacal Cur Chun Feidhme (2020-2026) a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh. Ag deireadh na caibidlíochta, chuir na hidirbheartaithe a n-inisealacha ar an gComhaontú agus an Prótacal (2020-2026) an 22 Deireadh Fómhair 2019. Leis an gComhaontú nua déantar an Comhaontú a bhí ann cheana a aisghairm agus a ionadú; clúdaítear ann tréimhse sé bliana ó dháta a chur i bhfeidhm shealadaigh a leagtar síos in Airteagal 15, is é sin an dáta a síneoidh na páirtithe é, agus is féidir é a athnuachan trí chomhaontú intuigthe. Leis an bPrótacal nua, cumhdaítear tréimhse sé bliana ó dháta an iarratais shealadaigh atá leagtha síos in Airteagal 15, is é sin an dáta a shíníonn an bheirt pháirtí é.

Leis an bPrótacal nua, déanfar foráil maidir le deiseanna iascaireachta sna catagóirí seo a leanas:

- 40 soitheach peas- saighne tuinnín;
- 8 soitheach spiléir dromchla;
- soithí tacaíochta de réir na rún ábhartha IOTC.

Ba cheart an modh le haghaidh leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta ar na Ballstáit a bhunú.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Is é príomhaidhm an Chomhaontaithe nua creat nuashonraithe a sholáthar agus tosaíochtaí an Chomhbheartais Iascaigh athchóirithe[2] agus a ghné sheachtrach á gcur san áireamh, d'fhonn leanúint leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal i réimse na n-iascach agus í a threisiú.

Is é is aidhm don Phrótacal deiseanna iascaireachta a thabhairt do shoithí an Aontais Eorpaigh i limistéar iascaireachta na Séiséal i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil agus le rúin agus moltaí an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), laistigh de theorainneacha an bharrachais atá ar fáil. Bhí seasamh an Choimisiúin bunaithe i bpáirt ar thorthaí meastóireachta a rinneadh ar an gComhaontú agus ar an bPrótacal roimhe seo (2014-2020), agus ar mheasúnú réamhbhreathnaitheach ar cheart Comhaontú agus Prótacal nua a thabhairt chun críche. Is saineolaithe seachtracha a thug faoin bpéire acu. Ina theannta sin, is é an aidhm atá leis, feabhas a chur ar an gcomhar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal chun beartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun acmhainní iascaigh a shaothrú i limistéar iascaireachta na Séiséal agus san Aigéan Indiach, ar mhaithe leis an dá pháirtí. Ina theannta sin, leis an gcomhar seo, cuideofar le dálaí córa oibre a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí iascaigh.

[1] Arna ghlacadh ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 15 Iúil 2019.

[2] IO 354 an 28.12.2013, lch. 22.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá idirbheartú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta nua maidir le hIascaigh leis na Séiséil mar chuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais maidir le tíortha na hAfraice sa Mhuir Chairib agus tíortha an Aigéin Chiúin (ACC) agus cuirtear san áireamh, go háirithe, cuspóirí an Aontais maidir le prionsabail dhaonlathacha agus cearta an duine a urramú.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é an bunús dlí Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena mbunaítear go nglacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, go nglacfaidh sí bearta maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tá an togra faoi chuimsiú inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Chuathas i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara le linn na meastóireachtaí *ex post* agus *ex ante* mar gheall ar an bhféidearthacht a bhí ann Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe agus Prótacal Cur Chun Feidhme idir an tAontas Eorpach agus na Séiséil a bhunú. Chuathas i gcomhairle le saineolaithe ó na Ballstáit agus ón tionscal iascaireachta féin sna cruinnithe teicniúla freisin. Ba é an chonclúid a bhí leis na seisiúin chomhairliúcháin sin gur chun tairbhe don Aontas agus do na Séiséil a bheadh sé Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe agus Prótacal Cur Chun Feidhme a thabhairt i gcrích.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit, le hionadaithe tionscail, le heagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta, chomh maith le riarachán iascaigh agus sochaí shibhialta na Séiséal, mar chuid den mheastóireacht. Reáchtáladh comhairliúchán freisin faoi chuimsiú na Comhairle Comhairlí Fadraoin, go háirithe ag an gcruinniú a bhí aici an 27 Márta 2019.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

D'úsáid an Coimisiún comhairleoir neamhspleách le haghaidh na meastóireachtaí *ex post* agus *ex ante*, i gcomhréir le forálacha Airteagal 31 (10) den Rialachán lena mbunaítear an comhbheartas iascaigh.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon tionchar ag an dréacht-Rialachán ar bhuiséad an Aontais.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá an nós imeachta seo á thionscnamh i gcomhthráth leis na nósanna imeachta a bhaineann leis an gCinneadh ón gComhairle ar Chomhaontú Comhpháirtíochta maidir le Iascaigh Inbhuanaithe agus a Phrótacal Cur Chun Feidhme idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal a shíniú, thar ceann an Aontais, agus leis an gCinneadh ón gComhairle, ar a dtabhairt i gcrích. Beidh feidhm ag an Rialachán seo a luaithe a bheidh gníomhaíochtaí iascaireachta á ndéanamh faoin gComhaontú, i.e. ar dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail.

2020/0001 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta faoin bPrótacal ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an Chomhairle idirbheartú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun Comhaontú Comhpháirtíochta nua maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal ("Comhaontú Comhpháirtíochta") a bhunú, mar aon le Prótacal nua Chur Chun Feidhme ("an Prótacal").

(2) Chuir na hidirbheartaithe a n-inisealacha ar an gComhaontú agus an Prótacal (2020-2026) an 22 Deireadh Fómhair 2019 nuair a bhí deireadh leis an gcaibidlíocht.

(3) Leis an gComhaontú Comhpháirtíochta aisghairtear an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh (FPA) reatha idir an tAontas Eorpach agus na Séiséil, comhaontú a tháinig i bhfeidhm an 2 Samhain 2007.

(4) I gcomhréir le Cinneadh ón gComhairle (AE) 2019/..[3]*,* síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta agus a Phrótacal an [dáta a sínithe le cur isteach], faoi réir a dtabhairt i gcrích tráth níos déanaí.

(5) Na deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal, ba cheart iad a leithdháileadh ar na Ballstáit ar feadh na tréimhse iomláine a chuirfear an Prótacal i bhfeidhm.

(6) An phráinn atá leis na bearta sin, is le tábhacht eacnamaíoch ghníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta na Séiséal a bhaineann sí, é sin agus an gá atá ann an cur isteach ar ghníomhaíochtaí den sórt sin a laghdú a oiread is féidir.

(7) Is ar bhonn sealadach a bheidh feidhm ag an bPrótacal ó dháta a shínithe chun go bhféadfaidh soithí an Aontais leanúint de ghníomhaíochtaí iascaireachta. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna amach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na deiseanna iascaireachta a bhunaítear faoin bPrótacal a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach

[3] Cinneadh ón gComhairle (AE) 2019/… an … 2019 maidir le … (IO C , , lch.).

agus Poblacht na Séiséal (“an Prótacal” anseo feasta), déanfar na deiseanna iascaireachta sin a leithdháileadh ar na Ballstáit mar seo a leanas:

(a) soithí peaslín saighne tuinníní:

An Spáinn:	[22]	soithí
An Fhrainc:	[16]	soithí
An Iodáil:	[2]	soithí

(b) soithí spiléireachta ar fuaidreamh;

An Spáinn:	[2]	soithí
An Fhrainc:	[4]	soithí
An Phortaingéil:	[2]	soithí

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón dáta a shíneofar an Prótacal.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán